

JuniorCYCLE

for teachers

Stair

Cur chuige Scoláire-
lárnach do Stair na
Sraithe Sóisearaí

2019 -2020



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Tasc Measúnaithe (TM): Is tasc scríofa é a chuireann scoláirí i gcrích laistigh den cheacht. Ní mharcálann an múinteoir ranga é ach cuirtear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é le haghaidh a mharcála mar chuid den scrúdú stát-teistithe sa Stair. Is é an CNCM a shonróidh an Tasc Measúnaithe agus beidh baint aige leis an bhfoghlaim ar a bhfuil an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe.

Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna): Is ionann Scrúduithe Rangbhunaithe agus ócáidí nuair a dhéanann an múinteoir na scoláirí a mheas agus na tasc(anna) ar leith ó Shonraíocht na Staire in úsáid. Is cóir breathnú ar an bpróiseas chun na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim, agus ní chun críocha measúnaithe amháin. Tugtar faoi na MRBnna laistigh d'am ranga na Staire agus cuirtear tréimhse trí seachtaine i leataobh chun iad a chur i gcrích.

Tuairisíní: Tá ceithre thuairiscín ghnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe i Stair na Sraithe Sóisearaí: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go mbeidh an obair uile a chuirtear isteach ag teacht le ceann de na ceithre thuairiscíní seo.

Gnéithe Cáilíochta: Na ráitis sna sonraíochtaí ábhar a úsáidtear chun breithiúnais a thabhairt faoi cháilíocht shaothar an scoláire d'fhonn gráid ghnóthachtála a bhronnadh le haghaidh teistiúcháin. De bhrí go bhfuil nasc dlúth idir critéir ratha agus intinní foghlama agus go bhfuil siad bunaithe ar na próisis sa seomra ranga ó lá go lá, beidh foghlaim scoláirí ina scáthán de réir a chéile ar na riachtanais atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun críocha teistiúcháin.

Measúnú Foirmitheach: Gníomhaíochtaí measúnaithe pleanáilte a mheallann fianaise ar fhoghlaim sa seomra Staire. Áirítear iad seo ina measc, intinní foghlama agus critéir ratha a shoiléiríú, a roinnt agus a thuiscint, ceistiú éifeachtach a ghníomhachtú, aiseolas a chuireann an fhoghlaim chun cinn agus a thugann deis don mhúinteoir agus don scoláire machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus cinneadh a dhéanamh le chéile faoin na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú.

Teanga le húsáid i réimse na Riachtanas Speisialta Oideachais

- Scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise...
- Scoláire a mbíonn deacracht aige le . . .
- Cumas thar an gcoitiantacht
- Scoláirí CFL1 / 2 ag plé le Cláir Foghlama Leibhéal 1 / Leibhéal 2
- SLA (Samhail de Leithdháileadh Acmhainní) samhail nua i gcomhair cigireacht ar riachtanais speisialta oideachais (RSO)
- Tacaíocht Scaflála do scoláire
- D.U.F. Dearadh Uilíoch don Foghlaim

Intinní Foghlama: Is ráitis iad a chruthaíonn an múinteoir leis féin agus / nó leis na scoláirí a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna stairiúla a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama agus teagasc. Bíonn nasc i dtólamh idir na hintinní foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó i sonraíocht na Staire.

Torthaí Foghlama: ráitis sna sonraíochtaí curaclaim chun cur síos ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Teagasc, foghlaim agus measúnú ilmhódach: is meascán é de réitigh theicneolaíoch cheannródaíoch, eispéiris foghlama phraiticiúla agus modheolaíochtaí straitéiseacha teagascacha. Ní amháin go mbaineann sé le teorric a theagasc; baineann sé le cleachtadh – foghlaim trí ghníomhú. Músclaíonn teagasc ilmhódach suimeanna foghlaimeora agus cuireann ar a gcumas fiosrú, ceistiú agus conclúidí a dhéanamh. Níos tábhachtaí arís, spreagann sé comhoibriú. Oibríonn foghlaimeoirí le chéile chun scileanna criticiúla a thógáil, fadhbanna a réiteach, righniú le tasc agus féinmhúinín a thógáil. Spreagann teagasc ilmhódach foghlaim fad saoil.

Critéir Ratha: ceangailte leis na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama. An múinteoir agus / nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlama scoláirí.

Measúnú Leanúnach: mar chuid den obair ranga, bíonn scoláirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe a bhíonn foirmitheach nó suimitheach de nádúr. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid den chleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht agus na scoláirí i mbun tascanna, ag breathnú ar an rud atá siad a scríobh agus a dhéanamh agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad ceisteanna, agus a gcuireann siad ceisteanna. Baineann múinteoirí úsáid as an eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo níos struchtúrtha agus níos foirmiúla áit a gcaithfidh múinteoirí léargas a ghabháil de dhul chun cinn scoláirí chun cinntí a dhéanamh ar phleanáil sa todhchaí agus tuairisc a dhéanamh ar dhul chun cinn. Is féidir go mbeadh tionscadail, fiosrúcháin, cásanna staidéir agus / nó teisteanna i gceist agus is féidir go dtarlódh a leithéid ag amanna ar leith i bhféilire na scoile.

Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) : Gheofar comhthuisicint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí a chuireann an CNCM ar fáil. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Measúnú Suimitheach: Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phrósais teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is í an aidhm atá leis, achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil scoláirí Staire na Sraithe Sóisearaí agus a dhearbhu cé acu a léirigh na scoláirí nó cé mhéad a léirigh siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha nó le Gnéithe Cáilíochta a comhaontaíodh..


Eispéiris Foghlama: is eispéiris scoláire-lárnacha iad seo a dearadh chun cabhrú le teagasc, foghlaim agus measúnú i seomraí ranga Stair na Sraithe Sóisearaí. Is é an chéad chéim chun eispéiris foghlama spreagúla a chruthú sa seomra ranga an phríomhfhoghlaim ó aonaid foghlama na roinne a shainnithint. Ba chóir go gcuirfeadh an fhoghlaim roimhe seo bonn eolais faoi phointe tosaithe an scoláire. Ba chóir don dearadh cur síos go soiléir ar an bhfoghlaim ina mbíonn na scoláirí rannpháirteach trí intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid, atá scríofa i dteanga atá sothuigthe ag scoláirí agus a roinntear leo. Ba chóir aird a dhíriú ar cleachtais uileghabhálacha agus eispéiris foghlama á ndearadh chun deiseanna a thabhairt do na scoláirí uile a gcuid foghlama a léiriú agus a ndúshlán a thabhairt chun an fhoghlaim a leathnú.

Aonad Foghlama: Úsáidfidh múinteoirí na torthaí foghlama a cuireadh ar fáil i Sonraíocht na Staire mar thúsphointe pleanála le haghaidh aonad foghlama. Déantar nasc leis na torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint de bharr na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin.

Nótaí:



Comhpháirtithe i Leasú Oideachais na Sraithe Sóisearaí

 <p>An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills</p>	 <p>NCCA</p>	 <p>Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission</p>	<p>An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí</p>  <p>Junior CYCLE for teachers</p>
Forbhreathnú			
<p>Is í an Chigireacht an rannóg sa Roinn Oideachais agus Scileanna atá freagrach as bunskoileanna, iar-bhunskoileanna agus ionaid oideachais a mheas. Mar chuid dá cuid oibre, áirítear foilsiú tuairiscí ar chigireachtaí ábhar agus ar Chigireachtaí na Scoile Uile.</p>	<p>The Is foras reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).</p>	<p>Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit freagrach as forbairt, measúnú, creidiúnú agus deimhniú a dhéanamh ar scrúduithe dara leibhéal Stát na hÉireann lena n-áirítear an tSraith Shóisearach agus an Ardeistiméireacht. Is foras poiblí neamhroinne é Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna.</p>	<p>Is sainseirbhís tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Is í an fheidhm atá aici tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach (2015) trí FGL oiriúnach ar ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chur ar fáil.</p>
Príomhfhoilseacháin			
<p>Ag Breathnú ar an Scoil Againne Clár Céimithe</p>	<p>Creat don tSraith Shóisearach (2015). Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí (2017) Treoirínte Measúnaithe Staire na Sraithe Sóisearaí (2018)</p>	<p>Tascanna Measúnaithe. Páipéir Scrúdaithe Shamplacha. Leabhráin Treoirínte maidir le Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích.</p>	<p>Tacaí FGL. Seimineáir Ghréasáin Tacaí Pleanála.</p>
Seoladh Gréasáin			
<p>https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Bainist%C3%ADocht-Eagar/Cigireacht-.html</p>	<p>https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/History?lang=ga-ie</p>	<p>https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=ex&sc=jc</p>	<p>https://www.jct.ie/leagangaeilge/history/history_ga</p>
Nasc-Chód MF			
			

Do chuid scoláirí i gceartlár an Seomra Ranga Staire

Smaoinigh ar dhuine amháin de do scoláire reatha agus bain úsáid as na leideanna seo a leanas chun do mhachnamh a scafláil ar an eispéireas atá acu i do sheomra ranga Stair na Sraithe Sóisearaí



Cad iad na gnéithe den stair is mó a gcuirim suim iontu?


Cén réamheolas staire ón mbunscoil atá forbartha agam?

Conas a bhí deis agam mo chuid scileanna staire a fhorbairt?
(amhail)
Fianaise a aimsiú
Ag obair le foinsí fianaise
Amlínte a chruthú / a chaomhnú

Conas a bhí deis agam mo chuid eolais staire a fhorbairt? ?

Cad iad na dúshláin a bheidh os mo chomhair sa chéad aonad eile foghlama?

Conas a thógann an chéad aonad eile ar an eolas agus ar na scileanna atá agam faoi láthair?



Cad iad na cineálacha eispéiris foghlama a mheallann mé?

Cad iad na riachtanais eile foghlama atá agam? Cad é eile atá deacair agam??

Conas a bhí deis agam mo thuiscint ar choincheapa stairiúla a fhorbairt?
(amhail)

- Athrú
- Cumhacht
- Iarmhairt
- Féiniúlacht
- Lonnaíocht

Conas a bhí deis agam mo thuiscint ar staid an duine a fhorbairt?? (amhail)

- Conas a athraíodh saol na mban?
- Conas a imríonn creidimh reiligiúin tionchar ar shaol daoine?
- Smaointe a athrú maidir leis an gcaoi ar chóir daoine a rialú

Eispéireas scoláire Staire amháin sa chéad bhliain:



Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2018

Alex an t-ainm atá orm agus tá mé i ndiaidh an chéad bhliain a chríochnú i meánscoil mheasctha an-mhór. Seo mo mhachnamh ar an eispéireas a bhí agam le Stair na chéad bhliana.

Ba é an stair an t-ábhar ab fhearr liom sa bhunscoil dom agus i ndiaidh bliana sa mheánscoil, is mar sin atá go fóill. Chuir muid tús leis an bhliain trí bhreathnú ar obair an staraí; tá siad beagán cosúil le bleachtaí. Bailíonn siad fianaise ó fhoinsí agus úsáideann í chun freagraí a aimsiú ar a gcuid ceisteanna. Rinne muid amlínte ar shaol a chéile agus na himeachtaí móra a bhí ag titim amach le linn dúinn a bheith ag fás aníos. Is deacair agam a chreidiúint anois ach nuair a thosaigh mé ar scoil i Meán Fómhair 2011 bhain Áth Cliath a gcéad Chorn Uile-Éireann le 16 bliana! Tá sé deacair agam a bheith ag obair le huimhreacha agus an chroineolaíocht mar sin de chabhraigh sé go mór liom a bheith á dhéanamh le mo chomhghleacáí ranga. Rinne muid amlíne an-mhór chun amanna agus imeachtaí a ndéanfaidh muid staidéar orthu ar feadh na trí bliana a léiriú.

Thug an múinteoir orainn uile a bheith inár staraithe agus seansibhialtacht a fhiosrú agus b'éigean dúinn fáil amach conas a mhair na daoine ag an am sin agus cén fáth a mbíonn cuimhne againn orthu go fóill. Roghnaigh mé na Gréagaigh a fhiosrú le mo chairde ó tharla gur léigh muid na leabhair Percy Jackson agus ba mhian linn níos mó eolais a fháil faoin chúrla stairiúil. Shocraigh muid póstaer a dhéanamh chun éachtaí na nGréagach a chur os comhair an ranga s'againn, agus an méid a bhí foghlamtha againn a léiriú. Thug an múinteoir aiseolas dúinn faoi na póstaer s'againn agus muid á ndéanamh. Rinne muid dearmad an áit a bhfuair muid an t-eolas a chur in iúl mar sin de chuir muid sin ina cheart. Bhí deis againn ár bpóstaer a thaispeáint sa Seomra Staire ag an oíche oscailte. D'fhoghlaim mé oiread sin faoi na Gréagaigh ach fosta faoi na Lochlannaigh, na Normannaigh agus na Rómhánaigh ó mo chomhghleacaithe ranga a rinne cur i láthair agus póstaerí fúthu. Ansin chuaigh muid a fháil amach faoi láithreacha ársa sa cheantar áitiúil againn, mar sin de, thug muid cuairt ar an Eaglais áitiúil agus ar an tobar ársa a deirtear a théann siar chuig Naomh Pádraig agus a ndeirtear faoi gur thug sé cuairt air. Níor éirigh linn fianaise chinnte a fháil gur thug sé cuairt air ach d'fhoghlaim muid faoi Éirín ag tiontú ar an gCríostaíocht agus is sa chaoi sin a ainmníodh cuid mhór áiteanna. An raibh a fhios agat go mbíodh clú orainn tráth mar an dream is naofa agus is cliste san Eoraip! Oileán na Naomh agus na nOllún- Níl mé cinnte faoin gcuid is naofa ach creidim gur múid is cliste go fóill ar aon nós. Thug an múinteoir s'againn léarscáileanna na hÉireann agus na hEorpa dúinn agus mharcáil muid ionaid Réamh-Chríostaí orthu. Is iontach gur áiteanna iad a mbíonn cónaí iontu go fóill agus go bhfuil na hardchrosa, toibreacha agus mainistreacha ansin go fóill – faoi mar atá sa sráidbhaile s'againne. Chuir muid na sibhialtachtaí s'againn agus Éire

Samhain– Nollaig 2018

Alex an t-ainm atá orm agus tá mé i ndiaidh an chéad bhliain a chríochnú i meánscoil mheasctha an-mhór. Seo mo mhachnamh ar an eispéireas a bhí agam le Stair na chéad bhliana.

I mbliana, bhí sé 100 bliain ó dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó ón gCogadh Mór. Ní dóigh liom gur chóir 'Great War' a thabhairt ar chogadh ar bith! Bhreathnaigh muid ar roinnt de na comórtha ar an gcogadh agus d'iarr ár múinteoir orainn litir a scríobh chuig saighdiúir sna trinsí é sin **nó** mar shaighdiúir sna trinsí. Rinne mé taighde faoin dóigh a mbíodh cúrsaí sna trinsí agus scríobh mé litir mar shaighdiúir. Fuair mé amach go bhfuair mo shin-seanuncail Séamas Mag Uidhir bás sa Chéad Cogadh Domhanda, mar sin de scríobh mé litir uaidh. Chuir an múinteoir na litreacha s'againn ar an taispeántas scoile chun an cogadh a chomórath – bhí an-dúil agam sna focail ar an meirge ag an bharr – “Ar eagla go ndéanaimis dearmad orthu” cionn is go ndearna duine éigin dearmad a insint domsa faoi mo shin-seanuncail Séamas Mag Uidhir RIP. Tá mé ag súil go mór tuilleadh eolais a fháil faoin Chéad Chogadh Domhanda.

Tá caisleán ar an sráidbhaile s'againn ar thug muid cuairt air, agus fuair muid amach faoi na codanna éagsúla de chaisleán agus mar a d'athraigh sé ón am a céadtógadh é sna Meánaoiseanna go dtí mar atá sé anoisníos moille sa chúrsa. D'iarr an múinteoir orainn ár mionsamhail féin de chaisleán meánaoiseach a thógáil agus a léiriú conas a mhair na daoine. D'úsáid m'fhoireann Lego, agus d'úsáid grúpa eile Minecraft. Bhí eagla an domhain orthu sin a mhair sna Meánaoiseanna roimh ionsaithe. Thóg siad cuid mhór cóir chosanta ach fós ba fhrancach beag a mharaigh an chuid is mó acu! Sna grúpaí s'againn, bhí orainn taighde a dhéanamh ar shaol na dtuathánach. Fuair mé amach cad é a rinne siad mar chaitheamh aimsire agus mar spraoi. Bhí orm torthaí mo chuid taighde a chur ar thaobh amháin de bhosca mar sin b'éigean dom na giotaí is tábhachtaí a roghnú. Roghnaigh daoine eile sa ghrúpa gnéithe eile amhail bia agus éadaí. Ansin shocraigh muid taispeántas de na boscaí eolais uile ar na Meánaoiseanna agus thaispeáin muid iad do lucht na trí bliana a bhí ag breathnú siar ar na Meánaoiseanna. Scríobh mé faoi na féilte agus laethanta naofa s'acu uile. Ba bhreá dá mbeadh oiread againn is a bhí acusan. Chuir muid an tréimhse meánaoiseach ar na hamlínte s'againn

Roimh an Nollaig, bhí scrúdú Staire againn. Iarradh orainn amlíne a dhéanamh ó dhialann agus ó alt nuachtán. Iarradh orainn roinnt de na príomhthearmaí a d'fhoghlaim muid a mhíniú agus scríobh muid faoi shibhialtacht a ndearna muid fiosrúchán air. Bhí mé sona sásta. D'éirigh liom tuillteanas a fháil sa scrúdú. Thug an múinteoir an páipéar scrúduithe ar ais dúinn agus chuaigh muid tríd leis na comhghleacaithe againn chun áit a ndearna muid meancóga a fheiceáil agus iad a chur ina gceart. Caitheadh mé a bheith ag obair ar gach ceist a fhreagairt agus gan a bheith ag scríobh cuid mhór faoin rud a bhfuil suim agam ann!

Eanáir- Márta 2018

Alex an t-ainm atá orm agus tá mé i ndiaidh an chéad bhliain a chríochnú i meánscoil mheasctha an-mhór. Seo mo mhachnamh ar an eispéireas a bhí agam le Stair na chéad bhliana.

I mí Eanáir bhreathnaigh muid ar conas a d'athraigh an domhan idir 1500-1700 – tíortha nua, reiligiúin nua agus teicneolaíochtaí nua. Chruthaigh muid amlíne níos lú chun na himeachtaí agus daoine tábhachtacha thar an 200 bliain sin a chomórath. Bhreathnaigh muid ar na rudaí nua a tharla san ealaín agus san eolaíocht le linn ré na hAthbheochana. Bhí díospóireacht againn faoin aireagán nó faoin duine is tábhachtaí san Athbheochan. Scríobh mise óráid mo dhíospóireachta ar an gclóphreas agus an dóigh, ar nós an idirlín, ar athraigh sé an domhan. Nuair a bhí muid ag breathnú ar ghníomhartha Liútair, dearbhaíodh go raibh an ceart agam cionn is gur úsáid sé é amhail Twitter chun a chuid smaointe a scaipeadh agus sílim gur as sin a d'eascair an Reifirméisean. Ba ghnách liom smaoinemh gur maith an rud an t-athrú i gcónaí ach nuair a bhreathnaigh muid ar an dóigh ar caitheadh leis na bundúchasaigh i Meiriceá agus trádáil na sclábhaithe, ní chreidim gur athruithe chun feabhais a bhí i gconcas agus i gcoilíniú; níorbh ea do gach duine, ar scor ar bith. D'éirigh an Spáinn agus an Phortaingéil iontach saibhir agus fionnadh lear mór bianna nua ach ní dóigh liom go raibh sé cothrom. D'oibrigh muid le léarscáileanna an domhain agus chonaic muid a oiread a d'athraigh siad le linn an ama sin.

D'fhoghlaim mé freisin conas is féidir le daoine athrú an-mhór a dhéanamh. D'iarr an múinteoir s'againn orainn ealaíontóir, ceannaire reiligiúin, taiscéalaí, eolaí, nó scríbhneoir fiú ó liosta de dhaoine a mhair idir 1400-1700 a roghnú agus míniú cad é mar a chur siad le hathruithe. Scríobh mé litir chuig Galileo ag gabháil buíochais leis as na fionnachtain s'aige agus ag insint dó a thábhachtaí a bhí said. Caitheadh go raibh sé an-deacair air nuair a dúradh leis 'tarraingt siar' agus fios aige go raibh an ceart aige Roghnaigh mo chairde uile daoine éagsúla agus roinn siad eolas fúthu sin agus chuir muid ar ár n-amlínte iad. D'fhoghlaim mé cuid mhór téarmaí nua agus faoina lán daoine difriúla. Ba dheacair dom cuimhneamh air uile mar sin de thaispeáin mo mhúinteoir dom conas meabhairmhapaí a dhéanamh agus rudaí a cheangal le chéile chun cabhrú liom.

Aibreán - Bealtaine 2018

Alex an t-ainm atá orm agus tá mé i ndiaidh an chéad bhliain a chríochnú i meánscoil mheasctha an-mhór. Seo mo mhachnamh ar an eispéireas a bhí agam le Stair na chéad bhliana.

I ndiaidh na Cásca bhreathnaigh muid ar dhóigheanna a ndeachaigh na hathruithe sa reiligiún le linn an Reifirméisin i bhfeidhm ar Éirinn fosta. I mo shráidbhaile féin, tá trí eaglais ann; Caitliceach, Eaglais na hÉireann agus Preispitéireach. Bhreathnaigh muid ar léarscáileanna na hÉireann agus chonaic muid conas a d'athraigh na plandálacha an dóigh ar mhair daoine agus conas a thosaigh an scoilt idir Caitlicigh agus Protastúnaigh. Rinne muid fiosrúchán faoi mar a chuir Plandáil Uladh tús leis an teorainn idir Deisceart agus Tuaisceart na hÉireann. Chabhraigh sé liom tuiscint cén fáth a bhfuil an teorainn ina bac an-mhór ar an mBreathimeacht.

Bhreathnaigh muid ar stair an tsráidbhaile agus fuair muid amach cén fáth ar lonnigh daoine ann agus conas a d'athraigh sé thar am, agus conas a fuair áiteanna éagsúla ainmneacha s'acu, amhail an Bábhún, an Diamant agus Bóthar na mBalláí Buí. B'éigean dúinn taighde a dhéanamh ar an seoladh s'againn féin agus próifíl a chruthú a léiríonn ainm na sráide, an fad atá ár dteach ann agus cad é a bhí ann roimhe sin. Cónaím in árasán nuathógtha, ach fuair mé amach gur tógadh é ar thailte seanchaisleáin áit ar chónaigh manaigh sna 1400í. Tá an caisleán go fóill ann ach is teach anois é!

Chuir ár múinteoir muid i ngrúpaí agus thug cuid den sráidbhaile dúinn chun fógra dírithe ar thurasóirí a dhéanamh faoin stair atá le feiceáil sa chuid sin den sráidbhaile. Rinne muid físeán gairid faoin tobar reamh-Chríostaí agus faoin scéal go mbíodh Naomh Pádraig ag baisteadh daoine ansin. Sheol muid an físeán s'againn agus ár gcuid taighde chuig an múinteoir s'againn mar chuid den mheasúnú ag deireadh na bliana. Bhí scrúdú scríofa samhraidh agam agus fuair mé amach gur chabhair mhór agam na meabhairmhapaí a thaispeáin mo mhúinteoir dom cuimhneamh ar an stair uile a d'fhoghlaim mé i mbliana.



Cur chuige ón CNCM chun torthaí foghlama staire a comhthathú



Cuireann sonraíocht do Stair na Sraithe Sóisearaí torthaí foghlama i láthair i dtí shnáithe:

Snáithe 1: Nádúr na Staire

Snáithe 2: Stair na hÉireann

Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór

Is snáithe foirmithe é **Snáithe 1, a chabhraíonn le scoláirí coincheapa a fhiosrú, scileanna a chleachtadh agus machnamh ar na luachanna agus ar na meonta a chuireann eolais faoi dhisciplín na staire agus obair an staraí.**

Is snáithe aontach é fosta **Snáithe 1, inar féidir na torthaí foghlama a bhaint amach ach dul i ngleic leis an gcomhthéacs i Snáitheanna 2 agus 3 ó thaobh pearsantachtaí, cásanna agus imeachtaí ó stair na hÉireann, na hEorpa agus an domhain mhóir.**

Mar sin de, tá na torthaí foghlama i Snáithe 1 in ainm a bheith fite tríd an bhfiosrúchán a dhéanann scoláire ar na torthaí foghlama i Snáitheanna 2 agus 3, a bhaineann go díreach le himeachtaí, cásanna, téamaí agus pearsantachtaí staire. Is féidir go mbeadh an mhionsamhail seo úsáideach chun nádúr comhtháite na dtorthaí foghlama a thuiscint. Is féidir le múinteoirí tarraingt as roinnt torthaí foghlama ó shnáitheanna éagsúla, agus eispéiris foghlama a chruthú bunaithe orthu sin. Tugann solúbthacht na dtorthaí foghlama deis do mhúinteoirí breithiúnas gairmiúil s'acu féin a úsáid chun ábhar cuí comhthéacsúil nó substainteach a aimsiú is féidir le scoláirí a fhiosrú.

Mar shampla, smaoinigh conas a thabharfadh múinteoir faoin toradh foghlama a leanas ó Shnáithe 2 (Stair na hÉireann): Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: -

TF 2.5: cúisí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint mar aon leis an tionchar a bhí acu ar chaidreamh ThuaidhTheas agus Angla-Éireannach

Tá an toradh foghlama measartha leathan agus oscailte agus ní leagann sé síos cé na gnéithe de chúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí ar chóir aghaidh a thabhairt orthu. Cuirtear muinín i mbreithiúnas gairmiúil an mhúinteora a roghnú cé na gnéithe a dh'fhéadfaí a fhiosrú sa rang. Slí eile chun a aithint cén comhthéacs stairiúil is fearr a léireodh tuiscint ar an toradh foghlama seo, is ea seiceáil arbh fhéidir torthaí foghlama ábhartha eile a thabhairt chun cuimhne fosta. I dtaca leis sin, is féidir go gcuirfí san áireamh fosta na torthaí foghlama seo a leanas: **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire -**

TF 2.6: tábhacht stairiúil na Críostaíochta ar oileán na hÉireann a phlé, lena n-áirítear an tionchar a bhí aici ar chultúr agus ar shochaí na Luathré Críostaí

TF 2.9: an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú

TF 2.12: an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtach ar oileán na hÉireann a bhí sna 1960idí a phlé, ag tagairt do phearsa, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha

Spreagthach féideartha a thiocfadh fócas a thabhairt chun gnéithe de na torthaí foghlama seo a fhiosrú an t-ionchur a bhí ag Bernadette Ní Dhoibhlin (Bernadette Mhic Con Uisce i ndiaidh a pósta in 1973). A ról sna Trioblóidí.

Le cur san áireamh:

Ag machnamh duit ar na pointí a rinneadh faoi Bhernadette Ní Dhoibhlin/Mhic Con Uisce, cad é an bhaint a thiocfadh bheith ag a gairm bheatha leis na torthaí foghlama thuas? Tabhair faoi deara go mbaineann na pointí thuas le téamaí amhail:

Míshástacht na gCaitliceach le Stát Thuaisceart Éireann	Domhnach na Fola
Leithcheal	Cath Thaobh an Bhogaigh
Ceartha Sibhialta	Poblachtaigh agus Dílseoirí
Foréigean	H-Bloic agus Címí
Teannas idir Caitlicigh agus Protastúnaigh	Stailceanna Ocras
Toghcháin i dTÉ chuig parlaimint Westminster	

Is dócha go n-aithneoidh breithiúnas gairmiúil an mhúinteora na téamaí seo a bheith tábhachtach agus toradh foghlama a bhaineann leis na Trioblóidí á chíoradh. Agus an spreagthach áirithe seo a roghnú, tabhair faoi deara cá mhéad de na téamaí sin atá follasach agus ar féidir tógáil orthu chun tuiscint an scoláire a fhorbairt.

Tugtar faoi deara go dtugann na torthaí foghlama deis don teagasc naisc a dhéanamh le réimsí foghlama eile:

TF 2.6: Tábhacht an reiligiúin:	an chaoi ar fachtóirí sna Trioblóidí iad an fhéiniúlacht agus na ceangail a bhíodh ag duine
TF 2.9: Taithí na mban i sochaí na hÉireann:	A thuiscint gurbh í an Doibhlineach an bhean is óige a toghadh riamh chuig Westminster (curiarracht a mhair go dtí 2015)
TF 3.12: Tábhacht na 1960í	conas a bhí imeachtaí i dTÉ ina gcuid de phatrún níos leithne claochlú sóisialta agus polaitiúil sna 1960í ar fud na hEorpa, na Stát Aontaithe agus an domhain mhóir

Conas a chabhraíonn an doiciméad thíos leis an bhfoghlaim in aon toradh foghlama a luaitear?

Tá an nádúr comhtháite soiléir arís nuair a úsáidtear doiciméid le linn an teagaisc amhail an t-alt seo ó dhírbeathaisnéis an Doibhlinigh ina machnaíonn sí ar an dóigh ar fhreagair na meáin nuair a toghadh í ina banfheisire Parlaiminte is óige sa stair:

‘A LUAITHE is a bhí deireadh leis an chuntas, tharraing na Meáin orm. Chun mo dheartháir agus mo dheirfiúracha a chosaint ó na Meáin, bhí mé ag fanacht ag teach m’aintín faoin tuath ag an am sin, agus Dé hAoine Aibreán 18 1969, an lá i ndiaidh an toghcháin, thuirling tuairisceoirí agus grianghrafadóirí thart ar an teach mar a bheadh beacha ag imeacht ar saithnín, ar lorg grianghraf seafóideach bréagach den Fheisire Parlaiminte ina suí ar ruga, agus a col ceathracha beaga uilig thart uirthi. Bhí dúil mhór acu i luascán sa ghairdín: b’éigean do gach duine grianghraif a fháil ina raibh ‘an Feisire Parlaiminte ar luascadh – bhí sin ar an imeartas focal is saonta a bhféadfadh aon nuachtán dara grád cuimhneamh air. Ní raibh de shuim ag na meáin ach sa phoiblíocht chleasach a bhain le bean óg aon bhliain is fiche a toghadh ina Feisire Parlaiminte. Is fíor a rá nach raibh mé anghairmiúil agus mé ag plé leis na Meáin, ach ní raibh siad garach beag ná mór. Óna dtaobh sin de, ba spól feola mé a bhí i mo réadmhaoin phoiblí agus bhí cead a gcinn acu, am ar bith lá nó oíche, cur isteach ar an rud a bhí ar siúl agamsa. Níor thuig siad cén fáth ar dhiúltaigh mé cead a bheith acu grianghraif a thógáil den Fheisire Parlaiminte ag éirí amach as an leaba ar maidin; nó an Feisire ag ithe uibheacha bruite don bhricfeasta. Níor mhian le duine ar bith acu na buncheisteanna a chur a léireodh cén fáth a dtiocfadh ‘babaí na Parlaiminte’ as scéal Thuaisceart Éireann.

Conas a spreagann an cur chuige thuas na torthaí foghlama thuas fosta?

Naisc eile a dhéanamh: **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire -**

1.2 machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha

1.4 tuiscint a léiriú ar choincheapa stairiúla ar nós foinse agus fianaise; fíoras agus tuairimíocht; claontacht agus oibiachtúlacht; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; am agus spás

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d’fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn

1.6 tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlaigh; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil

Pleanáil trí thorthaí foghlama a chomhthathú ó Shonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí: I bpéirí, roghnaigh ceist mhealltach agus réimse de thorthaí foghlama ábhartha ón tSonraíocht Staire. Lión an tábla thíos le do chomhghleacaí.




Ceist mhealltach staire: Roghnaigh ceann amháin	
Cá háit ar chónaigh daoine (áit/dáta) _____ agus cén fáth? <input type="checkbox"/>	Cé aige a raibh cumhacht i (áit/dáta) _____ agus cén fáth? <input type="checkbox"/>
Cén fáth ar chreid daoine i _____ agus conas a bhí tionchar aige ar a ngníomhartha? <input type="checkbox"/>	Cén fáth ar tharla _____ (cogadh/coimhlint)? Conas a d'imir sé tionchar ar dhaoine? <input type="checkbox"/>
Ag cur san áireamh do Scoláirí agus an Comhthéacs::	
Torthaí foghlama roghnaithe :	
An Phríomhfhoghlaim a aithint:	
Cén chaoi ar féidir eolas stairiúil a fhorbairt trí na torthaí foghlama a roghnaigh tú?	
Cén chaoi ar féidir tuisceant choincheapúil na scoláirí a fhorbairt?	
Cén chaoi ar féidir scileanna disciplín scoláirí a fhorbairt?	
Cad iad na luachanna stairiúla a d'fhéadfaí a fhorbairt?	

Súil siar ar Sheisiún 1: Pleanáil scoláire-lárnach trí lionsaí éagsúla

Arna chur in oiriúint ó Lenses (1995) ag Brookfield

Déan machnamh ar na léargas a fuair tú ó Sheisiún 1 a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do chleachtas trí na lionsaí seo a leanas. Is féidir go mbeadh roinnt freagraí mar an gcéanna.



Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: Ceann amháin

Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?



Ainm an Eispéiris Fhoghlama:

Cén fáth?

Comhthéacs teagaisc agus foghlama:

An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama. .

Cruthaíodh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí chéad bhliana sa dara seachtain acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí beagán réamheolais ag na foghlaimeoirí ón mbunscoil maidir le croineolaíocht agus bhí tairbhí áirithe ag an gcuid is mó acu a bheith ag déanamh amlíne de chineál éigin. Ceapadh an t-eispéireas do thréimhse ranga a mhair uair amháin le píosa machnaimh don obair baile. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta. Ba chuid d'aonad foghlama é - 'Conas a oibríonn Staráí le fianaise?'

Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas:

- D'oibrigh siad le foinsí príomha agus tánaisteacha – scríofa, amhairc, cloiste, ó bhéal agus tadhaill
- D'fhoghlaim siad conas a aimsíonn staraithe fianaise
- D'fhiosraigh samplaí d'amlínte
- Leag siad amach príomhchoincheapa na croineolaíochta – ord, dáta, scála, tábhacht, réanna agus tréimhsí deich mbliana

Torthaí foghlama i bhfócas: *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, ina n-iomlán nó go páirteach, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

1.10 tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe.

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thioctadh fianaise nua chun cin

1.6 tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlaigh; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil

Cur síos ar an eispéireas foghlama: *Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú*

I mbeirteanna, tugadh dúshlán do na scoláirí fiosrúchán stairiúil a dhéanamh ar amscála de shaol a gcomrásaí

- Rinne siad agallamh lena chéile agus chruthaigh amlíne ar shaol a chéile a léiriú na n-imeachtaí seo ina saol: dáta breithe agus breithlaethanta ó shin, ag tosú agus ag críochnú sa bhunscoil, ag tosú ar mheánscoil
- Iarradh orthu dátaí imeachtaí tábhachtacha áitiúla agus domhanda a tharla laistigh d'amlíne bhlianta saoil a gcomrásaí a shainaithint, taighde a dhéanamh orthu agus iad a chur ar an amlíne
- Iarradh ar na scoláirí nóta machnaimh a dhéanamh orthu seo a leanas:
 - Cén fáth ar roghnaigh siad mar staraithe na himeachtaí áitiúla agus domhanda atá le feiceáil ar an amlíne? Cén fáth a bhfuil siad tábhachtach?
 - Cé chomh furasta nó chomh doiligh a bhí sé dátaí na n-imeachtaí a aimsiú agus cad iad na foinsí fianaise a d'úsáid siad chun a chinntiú (a dhearbhu) go raibh siad cruinn?

Intinní Foghlama:

An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí

Táimid ag foghlaim chun:

- Conas amlíne a chruthú a léiríonn croineolaíocht (ord ina dtarlaíonn) sraith imeachtaí
- Dátaí imeachtaí stairiúla a shainaithint agus iad a chur ar amlíne go croineolaíoch
- Tuiscint conas a aimsíonn staráí fianaise agus a dhéanann sé cinnte go bhfuil sé fíor (cruinn)

Critéir Ratha

Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris

- Ceisteanna a chur agus fianaise a bhailiú faoi dhátaí sraith imeachtaí ó mo chomrásaí
- Amlíne a chruthú chun an tsraith imeachtaí a léiriú
- Taighde a dhéanamh ar dhátaí imeachtaí tábhachtacha áitiúla agus domhanda a tharla le linn na tréimhse céanna ama
- Na himeachtaí áitiúla agus domhanda seo a chur go cruinn ar an amlíne
- An fáth ar roghnaigh mé imeachtaí tábhachtacha áitiúla nó domhanda a mhíniú
 - Cur síos ar an gcaoi ar aimsigh mé fianaise faoi imeacht áitiúil nó domhanda

Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: A Dó

Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?

Ainm an Eispéiris Fhoghlama: :

Cén fáth?

Comhthéacs teagaisc agus foghlama: An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama.

Cruthaíodh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí chéad bhliana sa séú seachtain acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí réamheolas áirithe ag foghlaimeoirí ar sibhialtachtaí stairiúla ón mbunscoil. Bhí taithí ag foghlaimeoirí ar aonad foghlama roimhe seo: 'Conas a oibríonn Staraí le fianaise?' a thug an réamheolas ar obair an staraí dóibh agus conas a oibríonn siad le fianaise. (1.5) tuiscint ar chineálacha fianaise stairiúil (1.6) cumas éiritheach chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh maidir le tábhacht (1.7) agus taithí ar amlínte a chruthú (1.10).

Dearadh an t-eispéireas le haghaidh dhá thréimhse ranga uair an chloig agus obair baile le dul leis. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta.

Ba chuid d'eispéireas foghlama é an tAonad Foghlama: Fianaise ar Sibhialtachtaí (pobal nó náisiún san am a chuaigh thart a bhí eagraithe go sóisialta agus go polaitiúil). Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas::

- D'fhiosraigh sé coincheap na sibhialtachtaí stairiúla lena n-áirítear na gnéithe éagsúla de sibhialtacht amhail rialtas, sochaí, bia, éadaí, reiligiún, ealaíona & ceardaíochtaí, trádáil
- Shainaithin sé bealaí inar chuidigh gníomhaíochtaí agus éachtaí sibhialtachtaí san am a chuaigh thart leis an saol laethúil atá againne.

Torthaí foghlama i bhfócas: Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, ina n-iomlán nó go páirteach, i gcruthú an eispéiris fhoghlama

3.1 imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó an domhan mór

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn

1.7 breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil

1.8 tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

Cur síos ar an eispéireas foghlama:

Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú.

I ngrúpaí, thug na scoláirí faoi fhiosrúchán ar a rogha féin sibhialtachta a dhírigh ar:

Gnéithe den saol ina sibhialtacht agus cén cuidiú suntasach a thug an tsibhialtacht a roghnaigh siad do stair an domhain. Chruthaigh siad taispeántais chun a gcuid torthaí a léiriú agus an áit ar tháinig siad ar fhianaise chun cabhrú leis na fionnachtana sin

Intinní Foghlama:

An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí

Táimid ag foghlaim chun:

- Foinsí fianaise ar líne a úsáid chun taighde a dhéanamh ar sibhialtacht
- Fios a bheith acu faoi ghnéithe den saol i sibhialtacht
- Ionchur sibhialtachta i stair an domhain a shainaithint
- Fianaise a úsáid chun tábhacht na sibhialtachta a roghnaímid a mhíniú

Critéir Ratha

Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris

Is féidir liom:

- Foinsí iontaofa fianaise stairiúil a aimsiú ar líne
- Fianaise ar ghnéithe den saol i sibhialtacht a bhailiú agus amlíne a chruthú chun an tsraith imeachtaí a léiriú.
- Gnéithe den saol i sibhialtacht a léiriú
- Cur síos a dhéanamh ar ról sibhialtachta i stair an domhain
- Míniú cén fáth a bhfuil an sibhialtacht a roghnaigh muid suntasach go stairiúil

Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: A Trí

Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?

Ainm an Eispéiris Fhoghlama

Cén fáth?

Comhthéacs teagaisc agus foghlama: *An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama.*

Dearadh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí na chéad bhliana ag tús an dara téarma acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí beagán réamheolais ag na foghlaimeoirí ar aimsir na meánaoiseanna ón mbunscoil.

Bhí taithí ag foghlaimeoirí ar aonad foghlama roimhe seo: ‘Conas a oibríonn Staráí le fianaise?’ a thug an réamheolas ar obair an staraí dóibh agus conas a oibríonn siad le fianaise. (1.5) tuiscint ar chineálacha fianaise stairiúil (1.6) cumas éiritheach chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh maidir le tábhacht (1.7) agus taithí ar amlínte a chruthú (1.10). Bhí aonaid foghlama críochnaithe acu ar fhianaise ar Shíbhialtachtaí (3.1) agus Éire luath-Chríostaí (2.6) a thug deiseanna dóibh a gcuid scileanna taighde a fhorbairt (1.8) mar aon lena réamheolas ar thábhacht an Reiligiúin (3.8) agus ar athruithe san ealaín (3.7) Dearadh an t-eispéireas le haghaidh trí thréimhse ranga uair an chloig agus obair baile le dul leis. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta. Ba chuid den aonad foghlama: ‘Beatha agus Bás sna Meánaoiseanna’ an t-eispéireas foghlama seo. Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas:

- create Chruthaigh siad amlíne ar na céadta ar a dtugtar na meánaoiseanna orthu agus an fáth atá leis sin
- D’fhiosraigh siad coincheap an fheodachais agus an dóigh ar dáileadh cumhacht agus talamh ar ghrúpaí éagsúla i sochaí na meánaoise
- D’aithin siad agus rinne siad staidéar ar fhoinsí fianaise faoi na meánaoiseanna lena n-áirítear ábhar foinse phríomha ar nós sleachta as Leabhar Lá an Bhreithiúnais agus Taipéis Bayeux.

Torthaí foghlama i bhfócas: *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiríú, ina n-iomlán nó go páirteach, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire::

3.6 **fiosrú a dhéanamh** ar bheatha agus ar bhás sna meánaoiseanna

1.1 **ionbhá stairiúil a chothú** trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thánghas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair

1.7 **breithiúnais stairiúla a dhéanamh** bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiríú feasachta maidir le tábhacht stairiúil

1.8 **tuairisc a dhéanamh** ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

Cur síos ar an eispéireas foghlama::

Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiríú

I ngrúpaí, tugadh ceann amháin de na grúpaí sa chóras feodach do na scoláirí, grúpaí amhail Tiarnaí agus Bantiarnaí i mainéar, Ridirí i gcaisleán, Manaigh i mainistir, Ceardaithe i mbaile mór, Tuathánaigh i mainéarin . D’fhiosraigh siad na gnéithe seo a leanas ina saol sin: 1. Tithíocht, 2. Bia agus éadaí, 3. Obair / dualgais, 4. Creidimh reiligiúin, 5. Siamsaíocht agus 6. Sláinte agus bás. Chruthaigh gach grúpa ciúb eolais agus faisnéis faoi gach gné dá gcuid taighde ar cheann amháin de na sé aghaidheanna ar an mbosca.

Intinní Foghlama :

An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí.

Táimid ag foghlaim chun:

- Eolas a bhailiú ar shaol grúpa amháin daoine i gcóras feodach na meánaoise
- Eolas a bheith acu ar ghnéithe den saol agus den bhás dá ngrúpa daoine i sochaí na meánaoise
- Eolas tábhachtach agus ábhartha a roghnú faoin ngrúpa áirithe daoine sin i sochaí na meánaoise
- Tuiscint a fháil ar an sórt saoil a chaith a ngrúpa áirithe daoine i sochaí na meánaoise

Critéir Ratha:

Na critéir ratha lena léiríú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris.

Is féidir liom:

- Foinsí iontaofa d’fhianaise stairiúil faoi na meánaoiseanna a aimsiú ar line
- Cur síos ar ghnéithe de shaol agus de bhás grúpa amháin daoine i sochaí na meánaoise
- Taispeántas d’eolas stairiúil faoi ghrúpa daoine i sochaí na meánaoise a chruthú

Eispéireas Foghlama Staire na Chéad Bhliana: A Ceathrar

Dúshlán: Cén t-ainm a thabharfá ar an Eispéireas Foghlama seo?

Ainm an Eispéiris Fhoghlama:

Cén fáth?

Comhthéacs teagaisc agus foghlama: *An réamheolas agus na scileanna a rinne dúshraith don eispéireas foghlama.*

Dearadh an t-eispéireas foghlama seo chun cabhrú le scoláirí na chéad bhliana ag tús an tríú téarma acu de Stair na Sraithe Sóisearaí. Bhí beagán réamheolais ag na foghlaimeoirí a chabhródh leis seo ina gcuid staidéir ar réanna athraithe agus coimhlinte ón mbunscoil lena n-áirítear coincheapa na hathbheochana, an Reifirméisín, trádálaithe, taiscéalaithe agus lucht coilíneachta ón Eoraip. Bhí taithí ag foghlaimeoirí cheana féin ar aonad eile foghlama roimhe: Conas a oibríonn staraí le fianaise? Agus bhí réamhfhoghlaim déanta acu a spreag a gcuid smaointeoireachta faoi athruithe in ealaín (3.7) agus faoi thábhacht an reiligiúin. Thug siad faoi eispéiris foghlama a d'fhorbair a gcuid scileanna taighde

Dearadh an t-eispéireas le haghaidh trí thréimhse ranga uair an chloig agus obair baile le dul leis. Bhí teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta. Ba chuid den aonad foghlama: 'Ré an Athraithe' an t-eispéireas foghlama seo.

Bhí na foghlaimeoirí rannpháirteach in eispéireas foghlama roimhe sin mar a leanas:

- Chruthaigh amlíne chun roinnt de na himeachtaí, daoine agus fionnachtana tábhachtacha thar thréimhse 300 bliain (1400 -1700) a léiriú
- Shainaithin athruithe tábhachtacha in obair ealaíne (lena n-áirítear léarscáileanna) agus litríocht 1400 – 1700
- Chuir síos ar nuálaíochtaí eolaíochta i réimsí na bitheolaíochta, na teicneolaíochta agus na réalteolaíochta 1400 – 1700
- D'fhiosraigh ról agus freagra na hEaglaise Caitlicí ar fhorbairtí i Léann na healaíne, na heolaíochta agus na litríochta

Torthaí foghlama i bhfócas: *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, ina n-iomlán nó go páirteach, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.2 tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas ina ndéantar tagairt do thaiscéalaíocht na Portaingéile agus na Spáinne

3.7 suntas a thabhairt ar na hathruithe a tharla i réimse na n-ealaíon agus na heolaíochta, agus béim ar leith ar thábhacht na hAthbheochana

3.8 machnamh a dhéanamh ar thábhacht an reiligiúin, agus béim ar leith ar an Reifirméisean agus gníomhartha leasaitheora amháin

1.1 ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair

1.9 tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíochta, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú

Cur síos ar an eispéireas foghlama:

Conas a tugadh deis do na scoláirí a bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama agus í a léiriú.

Tugadh liosta do scoláirí de dhaoine a raibh tábhacht stairiúil ag baint leo agus a mhair idir 1400 - 1700 agus a rinne cion chun athraithe i gceann de amháin de na réimsí seo a leanas: 1. Ealaín agus eolaíocht le linn na hAthbheochana, 2. Taiscéalaíocht Spáinneach agus Phortaingéalach 3. Leasú reiligiúnach Críostaí, 4. Fionnachtana teicneolaíochtaí

Tugadh a ndúshlán duine amháin a roghnú chun taighde a dhéanamh air agus argóint a dhéanamh faoi gcaoi ar chuidigh siad le rudaí a athrú idir 1400 – 1700.

Intinní Foghlama :

An fhoghlaim bheartaithe don eispéireas a cuireadh in iúl go soiléir do na scoláirí

Táimid ag foghlaim chun:

- Eolas a bhailiú ar dhuine stairiúil ainmnithe a mhair idir 1400 -1700
- Tuiscint a bheith acu gur féidir le gníomhaíochtaí duine amháin a bheith ina gcúis le hathrú stairiúil
- Sainaithint conas a chuidigh an duine a roghnaigh tú le hathrú i gceann amháin de na réimsí
- Eolas stairiúil tábhachtach agus ábhartha a roghnú i dtaobh cion an duine sin chun athraithe
- Tuiscint a fháil ar an rud a spreag iad chun ionchur a bheith acu
- Tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi ar imir an ról a bhí acu tionchar ar an domhan ina mairimid inniu

Critéir Ratha:

Na critéir ratha lena léiriú go mbaintear amach intinní foghlama an eispéiris

Is féidir liom:

- Próifíl ar phearsa stairiúil a chruthú
- Fianaise ar mo thaighde a chur i láthair
- Liosta a dhéanamh de na príomhghníomhartha nó imeachtaí a raibh baint acu leo
- Cur síos a dhéanamh ar an gcion ar rinne siad i ré an athraithe
- A thaispeáint cad é a spreag a gcuid gníomhartha
- Tionchar a gcuid gníomhartha ar an domhan inniu a léiriú

Machnamh á dhéanamh ar na samplaí d'eispéiris foghlama: anailís a dhéanamh ar ailíniú na foghlama



Ag machnamh ar na torthaí foghlama . . .

Conas a thugann an t-eispéireas foghlama deis don scoláire cuid de na torthaí foghlama atá i bhfócas, nó iad uile, a léiriú?

Ag obair go maith . . .

B'fhearr i bhfad dá . . .

Ag machnamh ar intinní foghlama...

Conas atá na hintinní foghlama nasctha le cuid de na torthaí foghlama atá i bhfócas, nó leo uile? Conas atá na hintinní foghlama nasctha leis an eispéireas foghlama?

Ag obair go maith . . .

B'fhearr i bhfad dá . . .

Ag machnamh ar chritéir ratha...

Conas atá na critéir ratha nasctha le cuid de na torthaí foghlama atá i bhfócas, nó leo uile? Conas atá na critéir ratha nasctha leis an eispéireas foghlama? Conas atá na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama?

Ag obair go maith . . .

B'fhearr i bhfad dá . . .

Why Choose the Moon?

ST-C000-18-63 16 November 1963 Senator George Smathers of Florida and President John F. Kennedy at Cape Canaveral, Florida, Pad B, Complex 37, where they were briefed on the Saturn rocket by Dr. Werner Von Braun (not pictured). Photograph by Cecil Stoughton, White House in the John F. Kennedy Presidential Library and Museum, Boston.

On September 12, 1962, President Kennedy made the following remarks at Rice University in Houston, Texas, in support of the space program:

"Those who came before us made certain that this country rode the first waves of the industrial revolutions, the first waves of modern invention, and the first wave of nuclear power, and this generation does not intend to flounder in the backwash of the coming age of space. We mean to be a part of it - we mean to lead it. For the eyes of the world now look into space, to the moon and to the planets beyond, and we have vowed that we shall not see it governed by a hostile flag of conquest, but by a banner of freedom and peace...."

"We choose to go to the moon. We choose to go to the moon in this decade and do the other things, not because they are easy, but because they are hard, because that goal will serve to organize and measure the best of our energies and skills, because that challenge is one that we are willing to accept, one we are unwilling to postpone, and one which we intend to win..."

"Many years ago the great British explorer George Mallory, who was to die on Mount Everest, was asked why did he want to climb it. He said, "Because it is there." Well, space is there, and we're going to climb it, and the moon and the planets are there, and new hopes for knowledge and peace are there. And, therefore, as we set sail we ask God's blessing on the most hazardous and dangerous and greatest adventure on which man has ever embarked."



On May 25, 1961, President John F. Kennedy made a special address to Congress on Urgent National Needs, asking Congress to dedicate \$7 to \$9 billion dollars to the space program. The United States, he declared, needed "to take a clearly leading role in space achievement" and "commit itself to achieving the goal, before this decade is out, of landing a man on the moon and returning him safely to the earth." The mission was clear: the United States must go to the moon.

President Kennedy announced his decision to go to the moon one month after the Soviet Union sent the first man into space. The Soviet success suggested that the United States was falling behind in the arms race and fueled new tensions between the two nations already involved in the Cold War. If the United States could reach the moon before the Soviet Union it would demonstrate that the United States and was a leader in science and technology. (See left insert for President Kennedy's remarks on the issue.)

Congress awarded the necessary funds to the National Aeronautics and Space Administration (NASA) for the Apollo program and the race to the moon began. In February 1962, John Glenn became the first American to orbit the earth. After a series of additional missions, President Kennedy's challenge was met when *Apollo 11* astronauts Neil Armstrong and Buzz Aldrin became the first men to walk on the moon on July 20, 1969.

President Kennedy's decision to go to the moon was controversial. Some people argued that the cost was too high. The Apollo program cost approximately \$20 billion dollars between 1961 and 1973. Other people, however, argued that the technological benefits of space exploration made the program worthwhile. Technology from the space program has been applied to other uses. These technology "spinoffs" have been used in textiles to protect firefighters, medical imaging machines to help doctors see what is happening in the body, cordless tools, and television satellite dishes.

¹ John F. Kennedy Presidential Library Staff. "Why Choose the Moon?" John F. Kennedy Presidential Library and Museum. <https://www.jfklibrary.org/learn/education/teachers/curricular-resources/middle-school-curricular-resources/why-choose-the-moon> Rochtain déanta 9 Meán Fómhair 2019.

January 19, 1962

P. O. #1

Detroit, Michigan

Dear President Kennedy,

I am thirteen years old & I'm in the eighth grade. Please don't throw my letter away until you've read what I have to say. Would you please answer me this one question? When God created the world, He sent man out to make a living with the tools He provided them with. They had to make their living on their own with what little they had. If He had wanted us to orbit the earth, reach the moon, or live on any of the planets, I believe He would have put us up there Himself or He would have given us missiles etc. to get there. While our country is spending billions of dollars on things we can get along without, while many refugees and other people are starving or trying to make a decent living to support their families. I think it is all just a waste of time & money when many talents could be put to better use in many ways, such as making our world a better place to live in. We don't really need space vehicles. I think our country should try to look out more for the welfare of its people so that we can be proud of the world we live in. At school they

over

tell us that we study science so that we can make our world a better place to live in. But I don't think we need outer space travel to prove or further the development of this idea. Now that you have heard what I have to say will you please write me in answer to my question?

Sincerely,
Mary Lou Peitler

² John F. Kennedy Presidential Library Staff. "Why Choose the Moon?" John F. Kennedy Presidential Library and Museum. <https://www.jfklibrary.org/learn/education/teachers/curricular-resources/middle-school-curricular-resources/why-choose-the-moon> Roctain déanta 9 Meán Fómhair 2019.

March 29, 1962

Dear Mary Lou: *Raitler*

The President has asked me to reply to your letter asking why the United States expends so much time and energy in exploring space, and suggesting that God would have provided man with the necessary space implements had he wanted man to explore space.

A significant feature of our society is the right of each individual to determine the nature of God's intent in accordance with his own conscience. I would not, therefore, presume to suggest how you should resolve the issue you pose in your letter. Yet it would appear that among the most common characteristics of man is a desire to impose change on nature in order to mollify the hardships of life. This, combined with an endowed natural intelligence and curiosity, has allowed man to progress through increased knowledge from the most primitive past when the only tools utilized were those rocks and sticks found lying on the ground, to the present day, when disease-controlling drugs, efficient food production, and labor-saving machinery have combined to permit man, if he wishes, to pursue a far richer and more humane life.

It is impossible to determine in advance, moreover, those benefits which will eventually result from a given advance in human knowledge. History is replete with examples of man pursuing knowledge with no expectation of any practical use, which later serve as the basis for developments making significant contributions to mankind. Janssen's work on lenses, without his realizing it, provided the breakthrough required to understand and control disease-causing microbes; also, Hertz predicted that his academic experimentation with electromagnetic waves would have no practical or useful result, but he had in fact helped to lay the groundwork for the modern electronic industry.

Astronaut John H. Glenn briefly summed this up recently when he explained his views on the importance of space research before a

joint session of Congress. He in part said, "But exploration and the pursuit of knowledge have always paid dividends in the long run -- usually far greater than anything expected at the outset . . . Any major effort such as this results in research by so many different specialties that it is hard to even envision the benefits that will accrue in many fields. Knowledge begets knowledge. The more I see, the more impressed I am -- not with how much we know -- but with how tremendous the areas are that are as yet unexplored."

Thank you very much for advising the President of your views on this important matter. It is encouraging to find someone of your age showing such interest and concern in public affairs.

Sincerely,

Myer Feldman
Deputy Special Counsel
to the President

³³ John F. Kennedy Presidential Library Staff. "Why Choose the Moon?" John F. Kennedy Presidential Library and Museum. <https://www.jfklibrary.org/learn/education/teachers/curricular-resources/middle-school-curricular-resources/why-choose-the-moon> Roctain déanta 9 Meán Fómhair 2019.

Comhthéacs teagaisc agus foghlama: *Cén comhthéacs a bhí leis an tasc*

Tá an t-eispéireas foghlama seo ann chun foghlaim scoláirí sa tseachtain dheireanach den chéad bhliain a dhaingniú. Tá scrúdú suimitheach uair an chloig de chuid na scoile déanta acu agus is é aidhm an eispéiris seo na scileanna taighde staire atá forbartha acu i rith na bliana a dhaingniú. Is cuid d'aonad foghlama é seo: 'Stair sa Nuacht.' Beidh 3 thréimhse ranga uair an chloig ag scoláirí agus is féidir go mbeadh obair baile ag dul leis. Beidh teacht ag scoláirí ar ghairis le hinrochtaineacht idirlín le linn an cheachta.

Is é *Tuirlingtí ar an nGealach* an topaic i Stair sa Nuacht a roghnaíodh, ó tharla gur in 2019 atáthar ag comóradh caoga bliain ó tharla an t-imeacht stairiúil seo. Cabhróidh téama an chomórtha le foghlaim scoláirí maidir leis an topaic seo.

Le linn na chéad bhliana, tá cuid mhór oibre déanta ag scoláirí ar shnáithe Nádúr na Staire a ceanglaíodh isteach go mór sa staidéar ar na snáitheanna comhthéacsúla. Tá taithí ag na scoláirí a bheith ag obair mar staraithe óga agus ceann de na scileanna atá á forbairt acu a bheith ag úsáid foinsí le fáil amach faoin am atá thart.

Chun cabhrú lena dtuiscint ar chomhthéacs stairiúil an tuirlingthe ar an ngealach, teagascadh go sciobtha agus roinneadh leis na scoláirí mórfhictiúr den Chogadh Fuar (3.5). D'fhiosraigh scoláirí freisin an cion a rinne forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta i leith athrú stairiúil i réimsí eile na Staire (Sibhialtachtaí Ársa / an Athbheochan) agus beidh siad ag cur lena gcuid foghlama ar chomórthaí

Torthaí foghlama i bhfócas: *Tugadh an deis do na scoláirí na torthaí foghlama ón aonad foghlama a léiriú, ina n-iomlán nó go páirteach, i gcruthú an eispéiris fhoghlama*

3.11 a mhéid is a chuidíonn forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta le hathrú stairiúil **a fhiosrú**

1.2 machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha

1.3 suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn

1.11 naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe.

Ainm an Eispéiris Fhoghlama:

Cur síos ar an eispéireas foghlama::

Intinní Foghlama

Táimid ag foghlaim chun:

Critéir Ratha

Is féidir liom

Seal s'agatsa: Dearadh an Eispéiris Fhoghlama

Cleachtadh Réamhaíochta ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe

Tá roinnt de na ráitis seo a leanas fíor agus roinnt acu bréagach. Pléigh gach ráiteas agus marcáil ar an taobh clé cé acu atá sé fíor nó bréagach i do thuairim. Ansin léigh na leathanaigh a leanas sa loga foghlama agus cuir do fhreagra ar thaobh na láimhe deise



Roimhe			Ráitis	Ina dhiaidh	
Fíor	Bréagach			Fíor	Bréagach
		1	Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo ina aonar, le scoláire eile nó i ngrúpa		
		2	Déantar MRB 2 sa dara nó sa tríú bliain.		
		3	Socraíonn scoileanna ar thréimhse trí seachtaine do MRB 1 (an Luan 6 Eanáir 2020 go dtí an Aoine 15 Bealtaine 2020).		
		4	Is é an múinteoir ranga a dhéanfaidh measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1 le cabhair ó na critéir atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta do MRB 1 agus ón gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair		
		5	Is e MRB 2 fiosrúchán struchtúrach, fianaise-bhunaithe ar shaol stairiúil agus ar thaithí duine a bhfuil suim ag an scoláire ann.		
		6	Féadfaidh an scoláire an taifead scríofa a chur i láthair ina rogha leagain amach, amhail alt, aiste, blag, script chraolacháin, léacht do lucht éisteachta, srl.		
		7	Le linn an Taisc Mheasúnaithe, beidh deis ag na scoláirí machnamh a dhéanamh ar a dtaithe ar MRB 2 agus scríobh faoi sin.		
		8	Tá Snáithe 1: Nádúr na Staire, iontach tábhachtach in MRB 1: 'An tAm atá Thart i m'Áit Féin'		

TABHAIR FAOI DEARA: IS CLEACHTADH É SEO AR CHURSAÍ FGL AGUS NÍ BILEOG EOLAIS É AR AN tSRAITH SHÓISEARACH

Iníúchadh a dhéanamh ar na MRBanna Staire


Ceist:	Freagra:	Ceist:	Freagra:
Cad is MRB 1 ann?	Fiosrúchán struchtúrach, fianaise-bhunaithe ar ghné stairiúil nó ar théama a bhaineann le ceantar nó le stair phearsanta / mhuintir an scoláire	Cad is MRB 2 ann?	Fiosrúchán struchtúrach, fianaise-bhunaithe ar shaol stairiúil agus ar thaithí duine a bhfuil suim ag an scoláire ann
Cad é an struchtúr a bhaineann le fiosrúchán fianaise-bhunaithe MRB 1: <i>An t-Am atá Thart i M'Áit?</i>	Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint: <ul style="list-style-type: none"> • Iníúchadh • Aimsiú • Taispeáint • Machnamh. 	Cad é an struchtúr a bhaineann le fiosrúchán fianaise-bhunaithe MRB 2: <i>Saol i dTréimhse Ama?</i>	Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint: <ul style="list-style-type: none"> • Raon feidhme a mheas • Taighde a dhéanamh • Taifead scríofa a chruthú • Machnamh
Conas a oibreoidh scoláirí ar MRB 1?	Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo ina aonar, le scoláire eile nó i ngrúpa	Conas a oibreoidh scoláirí ar MRB 2?	Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo ina aonar
Cén fhormáid a úsáidfidh na scoláirí chun a gcuid taighde a chur i láthair?	Cuirfidh an scoláire a chuid taighde i láthair i bhfoirm taispeántais, mar a d'fheicfí in iarsmalann, ionad oidhreachta nó leabharlann	Cén fhormáid a úsáidfidh na scoláirí chun a gcuid taighde a chur i láthair?	Féadfaidh an scoláire an taifead scríofa a chur i láthair ina rogha leagain amach, amhail alt, aiste, blag, scrípt chraolacháin, léacht do lucht éisteachta, litir chuig iris nó nuachtán, tuairisc bháis, óráid, srl.
Cá huair a tharlaíonn MRB 1?	Socraíonn scoileanna ar thréimhse trí seachtaine do MRB 1 (an Luan 6 Eanáir 2020 go dtí an Aoine 15 Bealtaine 2020).	Cá huair a tharlaíonn MRB 2?	Tarlóidh sé laistigh de thréimhse trí seachtaine agus laistigh d'am ranga faoi threoir amchlár náisiúnta den an tríú bliain
Conas a dhéanfar measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1?	Is é an múinteoir ranga a dhéanfaidh measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1 le cabhair ó na critéir atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta do MRB 1 agus ón gcuirinní Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	Conas a dhéanfar measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 2?	Is é an múinteoir ranga a dhéanfaidh measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 2 le cabhair ó na critéir atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta do MRB 2 agus ón gcuirinní Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
Conas a dhéanfar tuairisciú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1?	I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, tuairisceofar an leibhéal gnóthachtála leis an scoláire agus lena dtuismitheoirí agus ceann de na tuairiseoirí seo a leanas in úsáid: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill. Is féidir le haiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire agus ar réimsí le feabhsú a úsáid chun cabhrú le foghlaim sa Stair.	Conas a dhéanfar tuairisciú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 2?	I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, tuairisceofar an leibhéal gnóthachtála leis an scoláire agus lena dtuismitheoirí agus ceann de na tuairiseoirí seo a leanas in úsáid: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill. Is féidir le haiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire agus ar réimsí le feabhsú a úsáid chun cabhrú le foghlaim sa Stair..
Cad iad na Torthaí Foghlama ó Shonraíocht na Staire atá tábhachtach maidir le MRB 1?	Tá an Toradh Foghlama 2.11, na trí ghné de Shnáithe 1 agus na torthaí foghlama gaolmhara an-tábhachtach ar fad i MRB 1. Tá tábhacht na dtorthaí eile foghlama ag brath ar an topaic a roghnaítear do MRB 1.	Cad iad na Torthaí Foghlama ó Shonraíocht na Staire atá tábhachtach maidir le MRB 2?	The Tá tábhacht na dtorthaí foghlama eile ag brath ar an duine a roghnaítear do MRB 2. Tá na trí ghné de Shnáithe 1 agus na torthaí foghlama gaolmhara an-tábhachtach ar fad in MRB 2
Cén chaoi a fhitear machnamh isteach in MRB 1?	Fitear machnamh isteach in MRB 1 ar dhá bhealach. Ar dtús, ba chóir go léireodh taispeántas an scoláire roinnt dá gcuid machnaimh ar a dtaithí maidir le taighde stairiúil a chur i gcrích. Lena chois sin, déanfaidh na scoláirí uile nóta machnaimh aonair a	Cén chaoi a fhitear machnamh isteach in MRB 1?	Fitear machnamh isteach in MRB 1 ar dhá bhealach. Ar dtús, cruthóidh na scoláirí nóta machnaimh. Ina dhiaidh sin, le linn an Taisc Mheasúnaithe, beidh deis ag na scoláirí machnamh a dhéanamh ar a dtaithí ar MRB 2 agus scríobh faoi sin.

Súil siar ar Sheisiún 1: Cur chuige scoláire-lárnach do phleanáil ranga

Arna chur in oiriúint ó Lenses (1995) ag Brookfield

Déan machnamh ar na léargais a fuair tú ó Sheisiún 1 a d'fhéadfadh leanas. Is féidir go mbeadh roinnt freagraí mar an gcéanna.

tionchar a imirt ar do chleachtas trí na lionsaí seo a



Measúnú comhoibríoch agus athbhreithniú ar chleachtas ó Ag Breathnú ar an Scoil Againne

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa</p>	<p>Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.</p> <p>Tá polasáí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasáí seo cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é.</p> <p>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áiríonn sé an comhathbhreithniú ar obair na scoláirí.</p> <p>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisctint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire.</p>	<p>Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.</p> <p>Tá polasáí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasáí cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é agus déantar athbhreithniú air i gcomhar lena chéile.</p> <p>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá sé bunaithe ar an gcomhathbhreithniú ar obair na scoláirí.</p> <p>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisctint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire agus tógтар orthu de réir a chéile de réir mar a ghluaiseann an scoláire tríd an scoil.</p>
<p>Cuidíonn na múinteoirí leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a chomhroinnt</p>	<p>Aithníonn na múinteoirí an luach atá le hacmhainn foirne uile a thógáil agus tá siad sásta a saintaithí a roinnt leis na múinteoirí eile sa scoil.</p> <p>Tá na múinteoirí sásta a saintaithí a roinnt le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne, agus cuairteanna scoile.</p> <p>Gabhann na múinteoirí go rialta d'athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais teagaisc agus foghlama.</p> <p>Tá na múinteoirí oscailte chun saineolas comhoibríoch a thógáil sna scileanna agus cuir chuige atá riachtanach chun cuidiú le foghlaim na scoláirí don todhchal.</p>	<p>Cuireann na múinteoirí luach ar an ról atá acu laistigh d'eagraíocht ghairmiúil foghlama, agus mar ghnáthnós roinneann siad a saintaithí leis na múinteoirí eile sa scoil.</p> <p>Roinneann na múinteoirí a saintaithí le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne, agus cuairteanna scoile.</p> <p>Gabhann na múinteoirí go rialta d'athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais teagaisc agus foghlama, agus úsáideann siad é dun cuir chuige éifeachtacha a aithint agus tógáil orthu.</p> <p>Tá na múinteoirí réamhghníomhach chun saineolas comhoibríoch a thógáil sna scileanna agus cuir chuige atá riachtanach chun cuidiú le foghlaim na scoláirí don todhchal.</p>

Na Gnéithe Cáilíochta: Stair - An t-am atá thart i m'áit	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha agus tá cuspóir an-soiléir le feiceáil ann</p> <p>Taispeántar tuiscint eisceachtúil sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh</p> <p>Tá an taispeántas an-mhaith ag nascadh gné áitiúil le 'mórphictiúr' an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire láidir agus tá cuspóir soiléir le feiceáil ann</p> <p>Taispeántar tuiscint an-mhaith sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh</p> <p>Tá nasc soiléir sa taispeántas idir gné áitiúil le 'mórphictiúr' an ama atá thart ar bhealach an-spéisiúil.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p> <p>Níor chomhiún na hionchais go foill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire éigin agus tá cuspóir le feiceáil ann, cé nach bhfuil an cuspóir sin soiléir i gcónaí</p> <p>Taispeántar tuiscint éigin sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh</p> <p>Tá roinnt nasc sa taispeántas idir gné áitiúil agus 'mórphictiúr' an ama atá thart.</p> <p>Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taispeántas, má léirítear ar chor ar bith é, agus níl cuspóir le feiceáil ann</p> <p>Is beag tuiscint a thaispeántar sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh, má thaispeántar ar chor ar bith é</p> <p>Is beag nasc atá sa taispeántas idir gné áitiúil agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, más ann dó ar chor ar bith.</p>

Na Gnéithe Cáilíochta: Stair – Saol i dTréimhse Ama

<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha, agus comhleanúnachas iontach san inneachar, cur chuige agus struchtúr</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint eisceachtúil ar ról na fianaise i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Tá naisc an-mhaith sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire láidir, agus comhleanúnachas inmholta san inneachar, cur chuige agus struchtúr</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint an-mhaith ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Tá naisc shoiléire sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart, ar bhealach an-spéisiúil.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá braistint comhfhiosacht staire éigin sa taifead scríofa, agus cuirtear an t-inneachar agus an cur chuige i láthair ar bhealach atá sách struchtúrtha</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde maith agus roinnt tuisceana ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p> <p>Tá roinnt nasc sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus ‘mórphictiúr’ an ama atá thart.</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach</p>	<p>Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taifead scríofa, má léirítear ar chor ar bith é, agus tá easpaí suntasacha san inneachar, cur chuige agus struchtúr</p> <p>Taispeántar sa taifead scríofa taighde teoranta agus is beag tuiscint a léirítear, má léirítear ar chor ar bith é, ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as</p>
<p>beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Is beag braistint den ‘mórphictiúr’ a thaispeántar sa taifead scríofa, má thaispeántar ar chor ar bith é, agus níl ord ná eagar ar na naisc idir é agus an t-ábhar agus/nó ní chothaítear i gceart iad.</p>

Gnéithe Cáilíochta – 6C:



1. Cad iad na Gnéithe Cáilíochta?

Is critéir iad atá leagtha amach ag CNCM chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar obair scoláire in MRBna na Staire. Rinneadh na Gnéithe Cáilíochta a dhearadh le tagairtí do na torthaí foghlama ón tSonraíocht Staire ar a bhfuil na MRBna bunaithe agus díríonn siad go háirithe ar Shnáithe 1 Nádúr na Staire.

2. Cá háit a gcuirtear na Gnéithe Cáilíochta i bhfeidhm?

Cuirtear na Gnéithe Cáilíochta i bhfeidhm ar obair scoláirí le linn an dá Mheasúnú Rangbhunaithe i Stair na Sraithe Sóisearaí

3. Cé a bhaineann úsáid as na Gnéithe Cáilíochta?

Scoláirí: ba chóir taithí a bheith ag scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun breithiúnas á dhéanamh ar cháilíocht a gcuid oibre, ag am cuí ina gcuid foghlama

Múinteoirí: ba chóir do mhúinteoirí na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun cabhrú leo eispéiris foghlama a dhearadh do thréimhse trí seachtaine na MRBna. Bainfidh múinteoirí úsáid as na Gnéithe Cáilíochta chun dul chun cinn scoláirí le linn na tréimhse MRB a mheas agus aiseolas foirmitheach a thabhairt a chabhróidh leis an bhfoghlaim a thabhairt chun cinn

Ranna Ábhar: ba chóir do na Ranna Ábhar na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun cabhrú leo comhphleanáil agus leanúnachas a fhorbairt ina gcuid breithiúnais ghairmiúla ar obair scoláirí

4. Cá huair a bhaintear úsáid as na Gnéithe Cáilíochta?

Mar ullmhúchán i gcomhar Measúnuithe Rangbhunaithe:

Múinteoirí: cuireann na Gnéithe Cáilíochtaí bonn eolais faoi dhearadh na n-eispéireas foghlama do thréimhse trí seachtaine an MRB.

Scoláirí: ag am cuí ina gcuid foghlama agus mar chuid den ullmhúchán s'acu do na MRBna, ba chóir tuiscint a thabhairt d'fhoghlaiméoirí ar na Gnéithe Cáilíochta a mbainfear úsáid astu chun cáilíocht a gcuid oibre a mheas

Ranna Ábhar: cuirfidh na Gnéithe Cáilíochta bonn eolais faoi chomhphleanáil na n-aonad foghlama. Cinnteoidh sé sin go mbeidh deis ag scoláirí dul i ngleic leis na torthaí foghlama ó Shnáithe a hAon agus iad a léiriú roimh na MRBna.

Le linn na Measúnuithe Rangbhunaithe:

Múinteoirí: Éascaíonn na Gnéithe Cáilíochta soláthar an aiseolais fhoirmithigh le linn do scoláirí a bheith ag tabhairt faoi na MRBna.

Scoláirí: Is féidir na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun aiseolas foirmitheach a chur ar fáil do scoláirí agus iad ag tabhairt faoina gcuid MRBna. Táthar ag súil leis go mbeidh na samplaí anótáilte d'obair scoláirí ina gcabhair chun a gciall agus a léirmhíniú a shoiléiriú do mhúinteoirí agus do scoláirí

Ranna Ábhar: Is féidir go gcabhródh na Gnéithe Cáilíochta le comhoibriú agus machnamh múinteoirí ar dhul chun cinn a gcuid scoláirí agus ar éifeachtúlacht na pleanála sna haonaid foghlama

I ndiaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe:

Múinteoirí: baineann siad úsáid as na Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscíní sealadacha s'acu a bhronnadh ar obair scoláirí. Is féidir mionathruithe a dhéanamh ar na breithiúnais shealadacha i bhfianaise na léargas a fhaightear ón bplé gairmiúil le linn an AFMÁ. Le linn an Tuairiscín deiridh MRB a bronnadh ar an obair a thuairisciú don scoláire agus do na tuismitheoirí, is féidir le múinteoirí na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun aiseolas foirmitheach a thabhairt don scoláire lena spreagadh i mbun machnaimh agus foghlama san am atá le teacht.

Scoláirí: is féidir leo tagairt do na Gnéithe Cáilíochta agus iad ag machnamh ar an tuairiscín a bronnadh ar a gcuid oibre ar an MRB Staire agus iad a spreagadh i gceann foghlama san am atá le teacht

Ranna Ábhar: Is féidir tagairt a dhéanamh do na Gnéithe Cáilíochta chun cabhrú le machnamh ar eispéreas teagaisc agus foghlama na MRBnna agus chun comhphleananna a oiriúnú agus a mhionathrú chun cabhrú le MRBnna

5. Cén fáth a mbaintear leas as na Gnéithe Cáilíochta?

Baintear leas as na Gnéithe Cáilíochta chun cabhrú le tuairiscíní a bhronnadh ar obair scoláirí (Taispeántas agus / nó Taifead Scríofa) in MRBnna. Cuireann sé ar chumas na múinteoirí leanúnachas i mbreithiúnais ar obair scoláirí a bhaint amach agus teacht acu ar na Gnéithe Cáilíochta atá leagtha amach ag CNCM do MRBnna na Staire Cabhraíonn na Gnéithe Cáilíochta le luach measúnú foirmitheach na MRBnna, sa mhéid is gur tríothu a sholáthraítear aiseolas do scoláirí. Tugann na Gnéithe Cáilíochtaí téarmaí tagartha don phlé idir múinteoirí a chabhraíonn leo breithiúnais ghairmiúla a dhéanamh i dtaobh bhronnadh na dtuairiscíní agus iad ag athamharc ar obair scoláirí le linn cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ).

6. Conas a chuirtear na Gnéithe Cáilíochta i bhfeidhm?

Níl aon phatrún dailte ar leith ann maidir leis na Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm ar obair scoláirí sna MRBnna ná leis na tuairiscíní a luaitear leis an obair ina dhiaidh sin. Déantar measúnú ar obair scoláire de réir mar a thugtar fianaise inti ar na Gnéithe Cáilíochta agus ní de réir obair scoláirí eile.

An bronnadh sealadach (roimh an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair)

The Baineann an múinteoir leas as na Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscín sealadach a bhronnadh ar obair scoláire. Déantar é sin agus cur chuige breithiúnas ‘ar an iomlán’ in úsáid. Agus é ag tosú ar an measúnú, baineann an múinteoir an cur chuige seo amach trí na Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm ar obair a mheastar Nár chomhlíon na hionchais fós. Bogann siad trí na leibhéil go dtí go mbaineann siad amach an tuairiscín is fearr a chuireann síos ar an obair. Baineann an múinteoir leas as an measúnú sealadach seo chun píosaí oibre a roghnú le tabhairt leis / léi chuig an gcruinniú AFMÁ. Spreagtar múinteoirí chun píosa oibre a roghnú a léiríonn ceann de na tuairiscíní – más indéanta, agus píosaí ar bith eile a bhfuil deacrachtaí acu tuairiscín a bhronnadh orthu.

Le linn an chruinnithe AFMÁ:

Cabhraíonn éascaitheoir an chruinnithe AFMÁ chun na Gnéithe Cáilíochta a bhronnadh ar shamplaí d’obair scoláirí le linn athbhreithnithe ar na measúinthe sealadacha. Is é fócas an phlé ghairmiúil idir múinteoirí teacht ar chomhaontú ar a fheabhas a meaitseálann obair scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. Roinneann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil ‘ar an iomlán’ ar obair scoláire lena gcomhghleacaithe chun teacht ar chomhréiteach maidir le caighdeán. Mura mbíonn comhréiteach le linn an chruinnithe athbhreithnithe, úsáidtear an cur chuige ‘is fearr a oireann’ Trí chomhrá, déanann na múinteoirí athbhreithniú ar phíosa oibre agus lorgaíonn fianaise go bhfuil sé ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta uile nó chóir a bheith iad uile a bhaineann le tuairiscín áirithe. Cuireann an míniúchán ar gach ceann de na tuairiscíní bonn eolais faoi bhreithiúnais ghairmiúla na múinteoirí ag cruinniú AFMÁ. Ba chóir gurb é an tuairiscín a mholtar ar an obair atá á meas an ceann ‘is fearr a oireann ar an iomlán’

Na Tuairiscíní Deiridh á mBronnadh:

I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, is féidir le múinteoirí dul ar ais chuig na tuairiscíní sealadacha a bronnadh ar obair scoláirí i bhfianaise na léargas a fuarthas le linn an dioscúrsa ghairmiúil Is féidir ansin gur mhaith leo dul siar ar na Gnéithe Cáilíochta a d’úsáid siad sula dtuairiscíonn agus a dtaifeadann siad an tuairiscín deiridh d’obair na scoláirí.

Treoir i leith Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair:

Roimh an gcrúinniú:

Gach múinteoir:

- Déanann siad athbhreithniú ar roinnt de na samplaí cuí anótáilte de chuid CNCM sula ndéanfaidh siad cinntí i dtaobh obair a gcuid scoláirí féin
- Déanann siad measúnú sealadach ar obair MRB na scoláirí bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta (is féidir measúnaithe sealadacha a mhionathrú i bhfianaise na gcomhráití a tharlaíonn ag an gcrúinniú AFMÁ)
- Breacann séiad síos nóta den tuairiscín a bhronntar ar gach scoláire agus pointe ar bith eile is mian leo nó arbh fhiú tagairt dó le linn agus i ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, d'úsáid s'acu féin amháin
- Sonróidh gach múinteoir sampla amháin oibre de chuid an scoláire do gach tuairiscín, más féidir, agus beidh siad seo ar fáil lena bplé ag an gcrúinniú

Le linn an chruinnithe:

Coinníonn an t-éascaitheoir taifead ar na cinntí a dhéantar ar theimpléad, a úsáidtear chun tuairisc a ghiniúint ar an gcrúinniú agus ba chóir go leanfadh sé an seicheamh seo go ginearálta:

- Míniúnn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe:
Cabhrú le leanúnachas maidir le breithiúnas ar obair scoláirí
Teacht ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí agus aiseolas a thabhairt do scoláirí conas is féidir leo a gcuid oibre a fheabhsú
- Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne an sampla oibre a mheasann sé Nár chomhlíon na hionchais fós a chur i láthair
- Treoraíonn an t-éascaitheoir comhrá ginearálta ar oiread a thagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta cuí
- Má ghlacann a bhfuil i láthair leis an gcinneadh, déanann an t-éascaitheoir nóta de sin ar thaifead an chruinnithe
- Leagtar béim i gcónaí ar an gcur chuige 'is fearr a oireann' a chabhraíonn le múinteoirí aontú ar an tuairiscín is fearr 'ar an iomlán' a oireann don obair atá á meas.
- Ba chóir am réasúnta a cheadú don phlé agus ba chóir don éascaitheoir úsáid a bhaint as an gcinneadh gairmiúil chun socrú cén uair is cóir bogadh ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile
- Ba chóir díospóireacht a dhéanamh ar dhá shampla, ar a laghad, de gach tuairiscín, más féidir, agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear ar a laghad sampla amháin le gach múinteoir.
- Déantar an próiseas arís eile agus pléitear agus roinntear samplaí a mheastar a bheith 'Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas agus Thar Barr
- Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar na príomhphointí a pléadh

I ndiaidh an chruinnithe:

each Déanann gach múinteoir machnamh ar an measúnú a rinneadh ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, más gá, déanann siad mionathruithe ar na breithiúnais shealadacha a rinne siad, go háirithe i gcás na dtuairiscíní nach bhfuil ag teacht le breithiúnas mhórchuid an chruinnithe. Cuireann an t-éascaitheoir bailchríoch ar an tuairisc s'aige ón gcrúinniú ina ndírítear ar na torthaí a d'eascair as an gcomhrá ar obair scoláirí ag an gcrúinniú agus seoltar chuig an bpríomhoide í. Is féidir go n-iarrfadh an t-éascaitheoir ar mhúinteoirí, más mian leis, cuid den obair a rinne scoláirí a chur le banc samplaí: Chun cabhrú le hionduchtú múinteoirí nua

Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo

Chun a úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí chun cáilíocht na hoibre a baineadh amach a léiriú.

Chun Samplaí a roinnt d'Obair Scoláirí don chruinniú AFMÁ ar an MRB 'An t-am atá thart i m'Áit Féin'

Ba chóir do gach múinteoir Dara Bliain ceithre shampla d'obair scoláire a sheoladh chuig an gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). **Más cuí, ba chóir sampla amháin ag gach ceann de na ceithre leibhéal tuairiscithe a bheith san áireamh i measc na samplaí seo.**

Bainfear leas as an eolas chun Ord Reatha a Chruthú don chruinniú AFMÁ atá ag teacht aníos Ó tharla gur féidir nach mbeidh am chun na samplaí uile a phlé, le do thoil cuir uimhir ó 1 go 4 ar na píosaí. Ba chóir go léireodh 1 an sampla is mó a ba mhian leat á phlé.

Seoltar do chuid samplaí chugam roimh: _____

Ainm an Mhúinteoir: _____

Sampla: Níor chomhlíon na hionchais go fóill (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:
Sampla: Ag teacht leis na hionchais (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:
Sampla: Os cionn na n-ionchas (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:
Sampla: Thar barr ar fad (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:

Chun Samplaí roinnt d'Obair Scoláirí don chruinniú AFMÁ ar an MRB 'Saol i dTréimhse Ama'

Each Ba chóir do gach múinteoir Tríú Bliain ceithre shampla d'obair scoláire a sheoladh chuig an gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). **Más cuí, ba chóir sampla amháin ag gach ceann de na ceithre leibhéal tuairiscithe a bheith san áireamh i measc na samplaí seo.**

Bainfear leas as an eolas chun Ord Reatha a Chruthú don chruinniú AFMÁ atá ag teacht aníos. Ó tharla gur féidir nach mbeidh am chun na samplaí uile a phlé, le do thoil cuir uimhir ó 1 go 4 ar na píosaí. Ba chóir go léireodh 1 an sampla is mó a ba mhian leat á phlé..

Seoltar do chuid samplaí chugam roimh: _____

Ainm an Mhúinteoir: _____

Sampla: Níor chomhlíon na hionchais go fóill (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:
Sampla: Ag teacht leis na hionchais (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:
Sampla: Os cionn na n-ionchas (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:
Sampla: Thar barr ar fad (más cuí)	Formáid: Topaic/Teideal: Tuairiscín Sealadach: Rogha chun úsáid ag AFMÁ:

MRB 'An t-am atá thart i m'Áit Féin'

Ord Reatha na Samplaí

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Éascaitheoir: _____

Dáta an chruinnithe AFMÁ: _____

Samplaí bailithe: _____

Ainm an Mhúinteoir	Bronnadh Sealadach: 'Thar barr ar fad'	Bronnadh Sealadach: 'Os cionn na n-ionchas'	Bronnadh Sealadach: 'Ag teacht leis na hionchais'	Bronnadh Sealadach: 'Níor chomhlíon na hionchais go fóill'

Ord Reatha

Níor chomhlíon na hionchais go fóill	Ag teacht leis na hionchais	Os cionn na n-ionchas	Thar barr ar fad
Formáid:	Formáid:	Formáid:	Formáid:
Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:
Formáid:	Formáid:	Formáid:	Formáid:
Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:

MRB 'Saol i dTréimhse Ama'

Ord Reatha na Samplaí

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Éascaitheoir: _____

Dáta an chruinnithe AFMÁ: _____

Samplaí bailithe: _____

Ainm an Mhúinteoir	Bronnadh Sealadach: 'Thar barr ar fad'	Bronnadh Sealadach: 'Os cionn na n-ionchas'	Bronnadh Sealadach: 'Ag teacht leis na hionchais'	Bronnadh Sealadach: 'Níor chomhlíon na hionchais go fóill'

Ord Reatha

Níor chomhlíon na hionchais go fóill	Ag teacht leis na hionchais	Os cionn na n-ionchas	Thar barr ar fad
Formáid:	Formáid:	Formáid:	Formáid:
Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:
Formáid:	Formáid:	Formáid:	Formáid:
Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:	Topaic/Teideal:

Tuairisc an Éascaitheora

Cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Tuairisc an Éascaitheora

Cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Ábhar:	Dáta / Am
Tínreamh	
Príomhchinní a rinneadh	
Pointí le cur san áireamh do chruinnithe athbhreithnithe eile amach anseo	
Aon torthaí eile?	
Éascaitheoir:	
Dáta:	

MRB / AFMÁ – Ceisteanna Coitianta a Chuirtear

C: Cad is cruinniú AFMÁ?

'Is ag Cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a roinnfidh múinteoirísamplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus a thiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht foghlama scoláirí' *Creat don tSraith Shóisearach*, L. 39



C: Ar chóir dom aiseolas a thabhairt do mo scoláirí agus iad ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe s'acu?

Ba chóir, is ceart an próiseas don Mheasúnú Rangbhunaithe a mheas mar chuid den teagasc agus den foghlaim, agus ní ar mhaithe le cúrsaí measúnaithe amháin.

Táthar ag súil go dtabharfaidh an múinteoir treoir, cabhair agus stiúir le linn an phróisis.

C: Cén chabhair is ceart dom a thabhairt?

Ar an gcabhair is féidir a thabhairt, áirítear riachtanais an taisc a shoiléiriú, samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid chun ciall agus léirmhíniú na ngnéithe cáilíochta a shoiléiriú do scoláirí, agus treoracha a thabhairt ag amanna straitéiseacha lena chinntiú go ndéantar na measúnuithe in am trátha.

C: An féidir le scoláirí cabhair a lorg lasmuigh den seomra ranga?

Is féidir leo tacaíocht a fháil ach caithfidh an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an scoláire le linn an phróisis. Ní ghlactar don mheasúnú sa PGSS ach le hobair an scoláire féin.

C: I Tá scoláire agam ag a bhfuil riachtanais speisialta (ROS). Cad é an chabhair is féidir a thabhairt?

Nuair a mheasann scoil go bhfuil riachtanas speisialta fisiceach nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaí réasúnta a thabhairt a laghdóidh, oiread agus is féidir, tionchar an mhíchumais ar ghnóthachtáil an scoláire sna Measúnuithe Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na tacaí seo m.sh. cabhair ó chúntóir riachtanais speisialta nó ó theicneolaíochtaí oiriúnaitheacha ag teacht leis na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun cabhrú leis an scoláire i rith na scoilbhliana.

C: Cad é mar a mheasaimid an obair ag úsáid na nGnéithe Cáilíochta?

Ar leathanach 36 de na Treoirínte Measúnaithe, cuirtear síos ar na Gnéithe Cáilíochta mar seo a leanas: 'I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheas a roghnú'.

C Ar chóir do gach múinteoir Staire i roinn ábhair freastal ar chruinniú AFMÁ?

Luaitear i gCiorclán ROS 2.13.4 circular 0079/2018 (leathanach 20): 'Nuair a bheidh MRBna curtha i gcrích ag scoláirí, déanfaidh múinteoirí measúnú ar MRBna na scoláirí agus déanfar na torthaí a thuairisciú do na scoláirí agus do thuismitheoirí / caomhnóirí. Chun tacú le múinteoirí

measúnú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí, tabharfaidh na múinteoirí faoi chruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (cruinnithe AFMÁ). Má mhothaíonn sibh féin, mar Roinn Staire, gur fiú do mhúinteoirí eile freastal, tá cead agaibh ag leibhéal áitiúil cinneadh a dhéanamh maidir le freastal agus cén cineál róil a bheadh acu ag an gcruinniú AFMÁ.

C: Cad é a tharlaíonn má bhíonn múinteoir as láthair ar an dáta pleanáilte don chruinniú AFMÁ?

The Is é an dáta le haghaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, ar an gcéad dul síos, an príomhdháta a chaithfear a shocrú ón raon dátaí a sholáthraíonn CNCM. Agus an dáta sin á shocrú ag an scoil, caithfidh sí a dálaí áitiúla a chur san áireamh agus an MRB, An tAm atá thart i m'Áit Féin, a bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Bhliain a Dó. Má aontaíonn sibh dáta ag an tús don chruinniú AFMÁ, cuideoidh sé chun a chinntiú go mbíonn gach duine in ann freastal. Má bhíonn duine as láthair agus gan neart aige air, beifear ag brath ar chúinsí áitiúla cé acu a chuirfear an cruinniú ar athlá nó nach gcuirfear.

C: An féidir achomharc a dhéanamh ar thuairiscín?

Is í an scoil a bheidh ag plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairiscíní a bhronntar ar na Measúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn. (Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, L. 21).

C: Cá huair a tharlaíonn an cruinniú AFMÁ?

Déanann CNCM teorainneacha na ndátaí don MRB agus don AFMÁ a athnuachan go bliantúil ag www.ncca.ie

C: Cad é a tharlaíonn mura mbíonn comhaontú ag an gcruinniú AFMÁ?

Ag an gcruinniú AFMÁ, 'déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna agus breithmheas á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí (Creat don tSraith Shóisearach, L.8-9). Is trí idirphlé a thagtar ar chomhaontú faoi chaighdeán. Más amhlaidh nach féidir teacht ar chomhaontú, ba chóir don éascaitheoir é sin a bhreacadh ina thuairisc ar an gcruinniú.

C: An gcaithfidh tú athmheasúnú a dhéanamh ar obair uile an scoláire tar éis an chruinnithe AFMÁ?

'Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna

imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí' (Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, L.32).

C: An gceadaítear do scoláire i mbun Máistreacht Ghairmiúil le hOideachas freastal ar chruinniú AFMÁ mar bhreathnóir?

Ceadaítear, ceadaítear dó freastal ar chruinniú AFMÁ mar bhreathnóir. Má bhíonn siad ag obair le rang a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu, is é an múinteoir ranga comhoibríoch a bhronnann na tuairiscíní agus a dhéanann athbhreithniú orthu.

C: An dtugtar an obair ar ais do scoláirí nó an gcoimeádtar sa scoil í?

Tugtar an obair ar ais do na scoláirí i ndiaidh duit, mar mhúinteoir, machnamh a dhéanamh ar an mbreithiúnas a rinneadh ar obair an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe AFMÁ agus i ndiaidh tuairiscín deiridh a thabhairt uirthi. Is féidir go n-iarrfadh an t-éascaitheoir ar mhúinteoirí, más mian leis, cuid den obair a rinne scoláirí a chur le banc samplaí:

Chun cabhrú le hionduchtú múinteoirí nua

Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo

Chun a úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí chun cáilíocht na hoibre a baineadh amach a léiriú

C: Cén dóigh a ndéantar taifead ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe?

I ndiaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanann gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne siad ar obair an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus nuair is gá, déanann oiriúnuithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair. Coinníonn an múinteoir ranga taifead ar na tuairiscíní deiridh a bronnadh agus roinntear iad leis an éascaitheoir AFMÁ.

C: Cén dóigh a ndéantar na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú?

Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe le húsáid chun dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí a thuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí mar chuid de ghnásanna na scoile i leith tuairisciú leanúnach agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).


C: Ar chóir don MRB áit scrúduithe an tsamhraidh a thógáil?

Luaitear i gCiorclán 0079/2018 rannóg 2.13 (lch 16): 'Is gá an 'rómheasúnú' a sheachaint agus an t-ualach carnach ar scoláirí agus ar mhúinteoirí a bhaineann leis an iliomad measúnuithe sa réimse iomlán ábhar a íoslaghdú. Sa chomhthéacs sin, tógfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionad na measúnuithe eile a dhéantar sa scoil faoi láthair amhail scrúduithe inmheánacha na scoile (Nollaig/deireadh an téarma) de réir mar is cuí.'

Súil Siar ar Sheisiún 3: Cur chuige scoláire-lárnach i leith Measúnaithe agus Comhoibríthe:

Arna chur in oiriúint ó Lenses (1995) ag Brookfield

Déan machnamh ar na léargais a fuair tú ó Sheisiún 1 a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do chleachtas trí na lionsaí seo a leanas. Is féidir go mbeadh roinnt freagraí mar an gcéanna



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

Stair

Déan teagmháil linn

Oifig Riaracháin:

An tSraith Shóisearach do
Mhúinteoirí (SSM),
Ionad Oideachais
Mhuineacháin,
Cnoc an Chonnaidh,
Br. Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin

Oifig an Stiúrthóra:

An tSraith Shóisearach do
Mhúinteoirí (SSM),
BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co. Lú

www.metc.ie

Má tá ceist agat gabh i dteagmháil linn ag: info@jct.ie

 @JCforTeachers

@JCTHistory

Follow us on Twitter

@JCforTeachers

@JCTHistory

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers